

An tSúdáin Theas, Trócaire, 2021

Eolas faoin tSúdáin Theas

Príomhchathair: Juba

Daonra: 11.9 milliún

Teanga Oifigiúil: Béarla Teangacha Eile: Labhraítear breis agus seasca teanga dhúchasach éagsúil sa tSúdáin Theas

Ionchas saoil (meán): 55 bliain.

Neamhlitearthacht: 73% de dhaoine fásta

An féidir leat an tSúdáin a fháil ar léarscáil agus an féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi An tSúdáin Theas agus scríobh faoi thíos.

Léarscáil, pictiúr nó alt



Ciallaíonn an focal Giúdach shalom, gach a mbronnann dea-shláinte agus folláine orainn. Ciallaíonn an focal Gréigise ón Tiomna Nua eirene go mbristear anuas na baic a thógtar idir dhaoine. Tá sé riachtanach go mbeadh pobal iomlán an domhain, saor ón uile shaghas imeagla, agus go mothóidís slán agus iad ag maireachtáil faoi dhínit. Is í aidhm Sprioc 16 ná an tsochaí chuimsitheach shíochánta a chur chun cinn, ina mbeadh an fhorbairt inbhuanaithe. Caithfear féachaint chuige go mbíonn an ceartas ar fáil do chách, agus institiúidí éifeachtacha, freagracha, cuimsitheacha á tógáil ag gach leibhéal den tsochaí.

Eagraíocht idirnáisiúnta idir-rialtasach a chuireann an comhoibriú i measc na náisiún chun cinn is ea Náisiúin Aontaithe (NA). Bunaíodh sa bhliain 1945 é i ndiaidh an dara chogadh domhanda, ionas nach dtarlódh a leithéid arís. Tá an ceannáras i Nua Eabhrac, agus na príomhoifigí eile sa Vin, sa Ghinéiv, agus i Nairobi. Cuireann na tíortha ionadaí amháin chuig na NA. Is í ionadaí nua na hÉireann ná Geraldine Byrne Nason (2021). Ag cruinniú mullaigh na NA, chruthaigh ceannairí an domhain na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar a dtugtar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI), i mí Mheán Fómhair na bliana 2015. Tá 17 sprioc ann agus trí aidhm móra rompu: deireadh a chur le bochtaineacht, an neamhionannas a throid, agus an pláinéad a chosaint, faoin mbliain 2030. Spriocanna domhanda atá iontu, tá gach tír ar domhan tiomanta chuige, iad a chur i bhfeidhm, Poblacht na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe san áireamh. Déanfaidh na rialtais, na hinstitiúidí agus na saoránaigh ar fud na cruinne gach iarracht deireadh a chur le gach saghas bochtaineachta agus neamhionannais, agus gach iarracht á dhéanamh acu an pláinéad a chosaint chomh maith.

íomhá síochána a tharraingt

Cuireadh aithne ar Malala Yousafzai ón bPacastáin toisc gur scríobh sí don BBC mar gheall ar an saol faoi thionchar na dTalabanach. Labhair sí amach ar son chearta chailíní an phobail oideachas d'fháil. Ní raibh sí ach aon bhliain déag d'aois.

Déan taighde mar gheall ar dhuine amháin a bhí ag troid ar son an cheartais, agus ar son chothroime do chách. Scríobh an t-ainm, an aois, agus an ceart a bhí á lorg.

Alt nó pictiúr mar gheall ar dhuine amháin a bhí ag troid ar son an cheartais, agus ar son chothroime do chách

<https://www.trocaire.org/documents/cinealtas-acmhainn-oideachas-forbartha-do-ranganna-sinsearacha-na-mbunscoileanna/>